



An Bhruiséil, 10 Márta 2026
(OR. en)

7174/26

ATO 7
ENER 116
SAN 138

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	10 Márta 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 120 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN An Clár Léiriúcháin Núicléach a chuirtear i láthair faoi Airteagal 40 de Chonradh Euratom - Críochnaitheach (tar éis tuairim a fháil ó CESE)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 120 final.

Faoi iamh: COM(2026) 120 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.3.2026
COM(2026) 120 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

**An Clár Léiriúcháin Núicléach a chuirtear i láthair faoi Airteagal 40 de Chonradh
Euratom - Críochnaitheach (tar éis tuairim a fháil ó CESE)**

{SWD(2026) 84 final}

1 Réamhrá

Tacaíonn **fuinneamh inacmhainne glan de thionscnamh an Aontais** lenár gcuspóirí dícharbónaithe, iomaíochais agus athléimneachta mar a léirítear sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan ⁽¹⁾ agus sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne ⁽²⁾.

I gcás roinnt Ballstát den Aontas Eorpach, is cuid thábhachtach é an fuinneamh núicléach maidir le dícharbónú, iomaíochas tionsclaíoch agus straitéisí maidir le slándáil an tsoláthair. Léirítear sna Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFAAnna) a tugadh cothrom le dáta go meastar go dtiocfaidh méadú ar an toilleadh núicléach suiteáilte. Soláthraíonn gléasraí cumhachta núicléiche cumhacht ghlan, atá oiriúnach do leictreachas bonnualaigh ísealcharbóin, lena gcuirtear feabhas ar chomhtháthú córais freisin agus lena soláthraítear solúbthacht lena n-éascaítear leathadh amach breise teicneolaíochtaí glana eile. Fabhraíonn na tairbhí sin do chóras fuinnimh an Aontais ina iomláine.

Mar a leagtar amach i measúnú tionchair 2040 an Choimisiúin maidir leis an sprioc aeráide⁽³⁾, tá gá leis na réitigh fuinnimh nialasaigh agus ísealcharbóin chun an córas fuinnimh a dhícharbónú. Léirítear sna réamh-mheastacháin go nginfidh foinsí fuinnimh nialasaigh agus ísealcharbóin os cionn 90 % den leictreachas san Aontas in 2040, ó fhoinsí in-athnuaite go príomha, arna gcomhlánú le fuinneamh núicléach. Chun pleananna na mBallstát maidir le fuinneamh núicléach a bhaint amach, beidh gá le **hinfheistíochtaí móra go dtí 2050**, chun síneadh a chur le saolré na n-imoibreoírí atá ann cheana agus chun imoibreoírí mórscála nua a thógáil araon. Tá gá le hinfheistíochtaí breise le haghaidh Mion-imoibreoírí Modúlacha agus Ard-imoibreoírí Modúlacha agus sa chomhleá don todhchaí fhadtéarmach.

Tá rogha na bhfoinsí fuinnimh sa mheascán fuinnimh, lena n-áirítear an cinneadh fuinneamh núicléach a úsáid nó gan é a úsáid, fós faoi shainchúram gach Ballstáit i gcomhréir le Conarthaí an Aontais ⁽⁴⁾. Tá cláir núicléacha á leagan síos ag roinnt tíortha de chuid an Aontais lena gcuirtear síneadh le saolré oibriúcháin na n-imoibreoírí atá ann cheana agus lena bhfógraítear tógáil foirgneamh nua. Ar deireadh, tá roinnt acu ag breithniú ar an bhfuinneamh núicléach a áireamh ina meascán fuinnimh den chéad uair. **Braitheann an t-ionchas maidir leis an sciar fuinnimh núicléach i dtáirgeadh leictreachais an Aontais ar oibríochtaí fadtéarmacha na n-imoibreoírí atá ann cheana.**

Tá **ceannaireacht thionsclaíoch an Aontais san fhuinneamh núicléach frémhaithe go daingean i ngealltanais bhunúsacha**: máistreacht a fháil ar an timthriall iomlán breosla, éiceachórais nuálacha gnólachtaí nuathionscanta a chothú agus taighde ceannródaíoch a dhéanamh, agus na caighdeáin is airde maidir le **sábháilteacht núicléach, slándáil agus coimircí** á n-áirithiú, maidir le **bainistiú sábháilte agus freagrach dramhaíola radaighníomhaí** agus **oideachas agus oiliúint den scoth**, chomh maith le **trédhearcacht agus rannpháirtíocht phoiblí** a chur chun cinn. Dá bhrí sin, is comhpháirteanna criticiúla sna cláir núicléacha uile iad bonneagar fíor-riachtanach a fhorbairt a thuilleadh le haghaidh bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí, amhail saoráidí diúscartha geolaíocha doimhne, chomh maith le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chomhtháthú. Ní mór pleanáil thionsclaíoch agus infheistíochtaí amach anseo i dtoilleadh núicléach agus i mbonneagar taighde a ailíniú go dlúth leis an dul chun cinn sna réimsí sin.

⁽¹⁾ COM(2025) 85 final.

⁽²⁾ COM(2025) 79 final.

⁽³⁾ COM(2024) 63 final.

⁽⁴⁾ Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Tá an t-éagsúlú ar leibhéal an Aontais an-tábhachtach; d'fhéadfadh cásanna ina gcuimsítear leibhéal éagsúla maidir le fuinneamh núicléach a chur in úsáid, bunaithe ar chinntí ó na Ballstáit, tacú le claochlú ár gcórais fuinnimh chun dícharbónú ár ngeilleagair agus neamhspleáchas straitéiseach fuinnimh ár mór-roinne araon a bhaint amach. Chun slándáil eacnamaíoch an Aontais a chothú, chuir an Coimisiún Treochlár i láthair chun deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis ina leagtar amach bearta chun soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun spleáchas ar fhoinsí seachtracha a laghdú ⁽⁵⁾.

Le clár léiriúcháin núicléach an Choimisiúin ⁽⁶⁾, soláthraítear faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil maidir le raon feidhme na riachtanas infheistíochta ar fud na saolré fuinnimh núicléach, lena saináithnítear réimsí inar cheart tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht na mBallstát. Mar a léirítear thíos, beidh gá le **hinfheistíocht mhór, ina ndéanfar maoiniú poiblí agus príobháideach a chumasc**, chun na cuspóirí a leag roinnt Ballstát amach a bhaint amach. Beidh creataí beartais soiléire chun tionscadail a dhí-rioscú ríthábhachtach chun na hacmhainní is gá a shlógadh.

D'eisigh **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)** a Thuairim an 4 Nollaig 2025⁽⁷⁾ maidir leis an gclár léiriúcháin núicléach sin⁽⁸⁾, i gcomhréir le Conradh Euratom. Agus í glactha ag tromlach mór, dearbhaítear sa Tuairim go bhfuil ról ríthábhachtach ag an bhfuinneamh núicléach maidir le mór-roinn na hEorpa a dhícharbónú agus go leanfaidh sé de ról ríthábhachtach a bheith aige maidir leis sin, go háirithe ós rud é gur gá don Aontas a neamhspleáchas straitéiseach a chomhdhlúthú san fhuinneamh agus sa teicneolaíocht.

Sa tuairim ó CESE, iarrtar ar an gCoimisiún bearta rialála agus airgeadais a leagan amach chun tacú leis na hinfheistíochtaí atá beartaithe sna Ballstáit. Thairis sin, mhol CESE cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar fud na n-ionstraimí uile lena dtacaítear le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glana, chomh maith le dlús a chur le hinfheistíochtaí trí bhearta sonracha, amhail próiseas cuíchóirithe Státchabhrach, bearta fíoscacha, próisis cheadúnúcháin, agus cinntí níos tapúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta (lena n-áirítear gealltanas rochtain a oscailt ar chistí comhtháthaithe an Aontais nuair a roghnaíonn na Ballstáit a dhéanamh amhlaidh agus maoiniú fadtéarmach). Thairis sin, tá moltaí curtha in iúl ag CESE maidir le hidrigin, ról an fhuinnimh núicléach i gcomhtháthú córas, agus Mion-imoibreoírí Modúlacha.

Is díol sásaimh don Choimisiún an Tuairim agus na moltaí, atá ag teacht leis na tionscnaimh bheartais a rinne an Coimisiún le déanaí agus atá ar na bacáin. In 2025 ghlac an Coimisiún **creat nua Státchabhrach a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan (CISAF)**, ar creat é a ndéanann cuid de cuíchóirití ar státchabhair lena dtacaítear le hacmhainneacht mhonaraíochta i dteicneolaíochtaí glana, lena n-áirítear teicneolaíochtaí núicléacha. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún **treoraíocht ar fáil do na Ballstáit maidir le dearadh Conarthaí éifeachtacha le haghaidh Difríochta agus Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta**, i gcomhréir le cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Ghlac an Coimisiún an gníomh tarmligthe freisin lena leagtar síos **an mhodheolaíocht chun cuntas a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breoslaí ísealcharbóin**, rud a réitíonn an bealach a thuilleadh do tháirgeadh hidrígine trí úsáid a bhaint as fuinneamh núicléach.

⁽⁵⁾ COM(2025) 440 final/2, EUR-Lex - 52025DC0440R(01) - GA - EUR-Lex.

⁽⁶⁾ Tá clár léiriúcháin núicléach an Choimisiúin, nó *Programme Illustrative Nucléaire Communautaire* (PINC), ina oibleagáid ar an gCoimisiún faoi Airteagal 40 de Chonradh Euratom.

⁽⁷⁾ TEN/856-EESC-2025.

⁽⁸⁾ COM(2025) 315 final.

Thairis sin, ullmhóidh an Coimisiún **measúnú ar riachtanais an chórais fuinnimh don aistriú glan** lena dtabharfar na riachtanais infheistíochta san earnáil fuinnimh cothrom le dáta sa tréimhse 2031-2040, ag féachaint go hiomlánaíoch agus ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar an gcóras fuinnimh. Mar chuid den Phacáiste Fuinnimh i mí an Mhárta 2026, lena n-áirítear an clár léiriúcháin núicléach sin agus an Straitéis um Mion-imoibreoírí Modúlacha, chuir an Coimisiún **Straitéis Infheistíochta um Fhuinneamh Glan** i láthair freisin arb é is aidhm di infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh ar scála le haghaidh na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain uile, lena n-áirítear teicneolaíochtaí núicléacha. Thairis sin, agus é ag cur le hobair na Comhghuaillíochta Eorpaí Tionsclaíochta um Mion-imoibreoírí Modúlacha, tacaíonn **straitéis an Choimisiúin um Mion-imoibreoírí Modúlacha** le dlús a chur le himoibreoírí den sórt sin a fhorbairt agus cur in úsáid na n-imoibreoírí sin a fhorbairt san Aontas go luath sna 2030idí d'fhonn iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a threisiú. I **straitéis an Aontais um fhuinneamh comhleá** atá ar na bacáin, leagfar amach sraith chuimsitheach gníomhaíochtaí straitéiseacha chun gníomhaíochtaí earnáil phoiblí agus phríobháideach na hEorpa a threorú sna blianta amach romhainn agus deimhneofar ITER mar bhunchloch iarrachtaí an Aontais dlús a chur le tráchtálú fuinnimh comhleá.

2 Fuinneamh núicléach sa chomhthéacs reatha

Ag deireadh 2024 bhí 101 imoibreoír cumhachta núicléiche ag oibriú i 12 Bhallstát ⁽⁹⁾. Thart ar 98 Gigeavata leictreacha (GWe) a bhí sa ghlanoilleadh suiteáilte. In 2023 sholáthair fuinneamh núicléach 23 % de ghiniúint leictreachais an Aontais ⁽¹⁰⁾. Áirítear leis an bhflít imoibreoírí san Aontas trí aonad nua a nascadh leis an eangach le déanaí agus trí aonad eile atá á dtógáil ⁽¹¹⁾.

Chun comparáid a dhéanamh, ar scála domhanda, bhí 410 imoibreoír cumhachta i mbun oibríochta i mbreis agus 30 tír in 2023. Bhí 63 imoibreoír breise á dtógáil, agus trí cheathrú díobh i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn agus leath acu sa tSín amháin ⁽¹²⁾.

Tá slabhra soláthair athléimneach agus tionscal núicléach iomaíoch na hEorpa fíor-riachtanach chun ceannaireacht an Aontais san earnáil sin a choinneáil ar bun. Ar feadh shaolré an bhreosla núicléach agus na suiteálacha núicléacha, tá leochaileachtaí agus spleáchais ann a dteastaíonn idirghabháil chomhordaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún ina leith, agus rannchuideoidh an Treochlár i dtreo deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis ⁽¹³⁾ le deireadh a chur de réir a chéile le spleáchais núicléacha ar an Rúis. Thairis sin, **beidh sé ríthábhachtach daoine cumasacha nua a mhealladh agus tacú le gnólachtaí nuathionscanta, an lucht saothair atá ann cheana a athoiliúint agus scileanna i dteicneolaíochtaí núicléacha a chothabháil agus a threisiú** chun tacú le ceannaireacht straitéiseach an Aontais.

Tá teicneolaíochtaí núicléacha nuálacha ag teacht chun cinn agus ag teacht in aibíocht. Mar thoradh ar thoilteanas roinnt Ballstát agus thionscal na hEorpa **Mion-imoibreoírí**

⁽⁹⁾ An Bheilg, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Spáinn, an Fhrainc, an Ungáir, an Ísiltír, an Rómáin, an tSlóivéin (an Chróit), an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn.

⁽¹⁰⁾ [Méadú beag ar tháirgeadh cumhachta núicléiche in 2023 - Ailt nuachta - Eurostat](#).

⁽¹¹⁾ Nascadh Mochovce 3 sa tSlóvaic leis an eangach i mí Eanáir 2023, chuir Olkiluoto 3 san Fhionlainn tús le hoibríocht tráchtála i mí na Bealtaine 2023, agus nascadh Flamanville 3 sa Fhrainc leis an eangach i mí na Nollag 2024. Tá imoibreoír amháin sa tSlóvaic (Mochovce 4) agus dhá imoibreoír eile san Ungáir (Paks II) á dtógáil.

⁽¹²⁾ IEA (2025), *The Path to a New Era for Nuclear Energy*, IEA, Páras <https://www.iea.org/reports/the-path-to-a-new-era-for-nuclear-energy>, Ceadúnas: CC BY 4.0.

⁽¹³⁾ COM(2025) 440 final/2, EUR-Lex - 52025DC0440R(01) - GA - EUR-Lex.

Modúlacha agus **Ard-imoibreoírí Modúlacha** a fhorbairt, lena n-áirítear dearáí atá bunaithe ar theicneolaíochtaí Ghlúin IV, bunaíodh Comhghuaillíocht Eorpach Tionsclaíochta⁽¹⁴⁾. Ag féachaint chun cinn, **bheadh gá le cur chuige straitéiseach de chuid an Aontais chun teicneolaíochtaí comhleá núicléach** a fhorbairt agus a thráchtáil chun rannchuidiú go mór le spriocanna uailmhianacha aeráide, fuinnimh agus tionsclaíochta an Aontais a bhaint amach agus a chothú sa dara leath den chéad seo.

Lasmuigh den earnáil fuinnimh, **tá an cúram sláinte nua-aimseartha idirnasctha leis an slabhra luacha núicléach** a sholáthraíonn raidiseatóip le haghaidh diagnóisic agus cóireáil leighis. Tá sé an-tábhachtach iomaíochas earnála an Aontais a choinneáil ar bun chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag othair ar ghnáthaimh leighis agus ar theiripí ríthábhachtacha⁽¹⁵⁾.

3 Rannpháirtíocht an Aontais maidir leis na caighdeáin sábháilteachta is airde

Is iad na gealltanais bhunúsacha maidir leis na caighdeáin is airde is féidir a áirithiú sa tsábháilteacht núicléach ar fud na dtrí cholún bunchloch cheannaireacht straitéiseach an Aontais san earnáil sin.

3.1 Creat rialála láidir neamhspleách

Tá údarais rialála náisiúnta láidre neamhspleácha lárnach chun ardleibhéil sábháilteachta núicléiche a bhaint amach. Cuid fhíor-riachtanach den neamhspleáchas rialála is ea acmhainní leordhóthanacha – idir acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais – a thabhairt do na rialálaithe náisiúnta chun a gcúraimí a dhéanamh maidir le rialacha sábháilteachta núicléiche a rialáil, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a fhorfheidhmiú. Le reachtaíocht Euratom, go háirithe tríd an Treoir maidir le Sábháilteacht Núicléach⁽¹⁶⁾ agus tríd an Treoir maidir le Dramhaíl Radaighníomhach⁽¹⁷⁾, tugtar aghaidh ar na gnéithe a bhaineann le leordhóthanacht acmhainní airgeadais agus acmhainneacht dhaonna na rialtóirí.

An tráth céanna, ní mór *acquis* an Aontais maidir leis an gcomhshaol a chur chun feidhme, trí mheasúnuithe amhail na measúnuithe sin a eascraíonn as Treoracha ábhartha⁽¹⁸⁾.

Imthosca náisiúnta éagsúla, amhail méid an chláir núicléach, saintréithe an chreata náisiúnta dhlíthiúil agus rialála, agus struchtúr an údarais sábháilteachta, arna n-aistriú ina gcineálacha cur chuige intíre agus córasach chun riachtanais acmhainní rialála a mheas.

Rannchuidigh an Grúpa Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG) le faisnéis a chomhroinnt maidir le pleananna foirne ar an leibhéal náisiúnta chun acmhainneachtaí rialála a choinneáil ar bun agus a threisiú i bhfianaise phleananna na mBallstát. I gcomparáid le figiúirí bonnlíne 2024, tá na poist bhreise atá beartaithe i raon ó mhéadú foirne 10 % agus 50 % suas le méadú faoi dhó ar an líon foirne, de réir imthosca náisiúnta. Tá foireann leordhóthanach rialtóirí fíor-riachtanach chun pleananna náisiúnta a chur i bhfeidhm go sábháilte agus go héifeachtach.

⁽¹⁴⁾ [An Chomhghuaillíocht Eorpach Tionsclaíochta um Mion-imoibreoírí Modúlacha - An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#).

⁽¹⁵⁾ COM(2025) 440 final/2, EUR-Lex - 52025DC0440R(01) - EN - EUR-Lex – Gníomhaíocht 7

⁽¹⁶⁾ Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle arna leasú le Treoir 2014/87/Euratom ón gComhairle.

⁽¹⁷⁾ Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle.

⁽¹⁸⁾ Go háirithe Treoir 2011/92/AE maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol, Treoir 2001/42/CE maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol, Treoir 92/43/CEE maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine, agus Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce.

Le comhar trasteorann idir údaráis rialála náisiúnta, is féidir ceadúnú suiteálacha nua a éascú agus dlús a chur leis, rud a d'fhéadfadh an t-ualach riaracháin ar rialtóirí aonair a laghdú. Molann an Coimisiún do na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu fuinneamh núicléach a úsáid machnamh a dhéanamh ar 'chomhghuaillíocht rialála na dtíortha toilteanacha' a bhunú, a bhféadfaidís a rialacháin a chóineasú mar chuid di nó comhaontú aitheantas frithpháirteach a thabhairt dá gcinntí ceadúnúcháin.

3.2 Próiseas rannpháirtíochta poiblí atá trédhearcach agus oscailte

Tá sé rithábhachtach go mbeadh an tsochaí sibhialta agus an pobal i gcoitinne rannpháirteach trí idirphlé trédhearcach agus oscailte ag na céimeanna uile d'fhorbairt na dtionscadal núicléach (cinntí straitéiseacha agus beartais, suíomh, tógáil, oibriú, díchoimisiúnú, breosla spionta agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí) chun go n-éireoidh leo.

Ba cheart do na Ballstáit riachtanais infheistíochta san earnáil sin a mheas freisin, ag tacú le hionadaithe na sochaí sibhialta agus le hoideachas nó cumarsáid mhéadaithe.

3.3 Díchoimisiúnú éifeachtach, bainistiú freagrach dramhaíola agus geilleagar ciorclach

Tá díchoimisiúnú éifeachtach agus bainistiú freagrach dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spionta an-tábhachtach chun sábháilteacht agus tacaíocht leanúnach phoiblí a áirithiú maidir le húsáid fuinnimh núicléach.

In éineacht le haon phlean um leathnú núicléach, moltar do na Ballstáit beartais a leagan amach lena ndreasófar dul chun cinn maidir le díchoimisiúnú agus cur i gcrích an bhonneagair is gá chun dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, lena n-áirítear saoráidí diúscartha geolaíoch doimhne, a chur chun cinn. Chuige sin, tá gá le gealltanais rialtais agus cistiú leordhóthanach ó tháirgeoirí dramhaíola i gcomhréir le reachtaíocht thánaisteach Euratom ⁽¹⁴⁾. Bunaítear leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht critéir scagtha theicniúla chun gníomhaíochtaí núicléacha áirithe a aicmiú mar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe⁽¹⁹⁾.

San Aontas, gintear thart ar 40 000 m³ de dhramhaíl radaighníomhach agus thart ar 1 000 tona de mhíotal trom ⁽²⁰⁾ ó bhreosla núicléach spionta gach bliain in aghaidh sholáthar 620 TWh de leictreachas, agus an bhliain 2023 mar thagairt ⁽²¹⁾.

Tá tionscal núicléach an Aontais feistithe go maith chun gníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola radaighníomhaí a sholáthar (le haghaidh oibríochtaí agus díchoimisiúnú araon) agus oibreacha díchoimisiúnúcháin núicléach, agus prionsabail an gheilleagair chiorclaigh á gcur i bhfeidhm agus athchúrsáil agus athúsáid ábhar/trealaimh á n-uasmhéadú. Mar shampla, rinneadh athchúrsáil ar níos mó ná 95 % de na hábhair a d'eascair as díchoimeáil imoibreoirí Bohunice V1 sa tSlóvaic. Féadfar an costas aonaid le haghaidh dhíchoimisiúnú foriomlán an ghléasra sin a mheas ag EUR 8,33 in aghaidh an MWh a soláthraíodh⁽²²⁾, lena n-áirítear na hoibríochtaí bainistithe dramhaíola uile seachas diúscairt gheolaíoch dramhaíola ardleibhéil.

⁽¹⁹⁾ Rialachán (AE) 2020/852, IO L 198, 22.6.2020, lgh. 13–43; Rialachán Tarmiligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún, IO L 188, 15.7.2022, lgh. 1–45.

⁽²⁰⁾ Aonad maise atá i dtónaí de mhíotal trom, arb é tHM an leagan giorraithe de, a úsáidtear chun úráiniam, plútóiniam, tóiriam agus meascáin de na dúile sin a chainníochtú.

⁽²¹⁾ *Shedding light on energy in Europe* [Léargas a thabhairt ar fhuinneamh san Eoraip] – eagrán 2025, ESTAT, ISBN 978-92-68-22424-3.

⁽²²⁾ Léiríonn an figiúr EUR 8,33 in aghaidh an MWh cóimheas, sna cásanna seo a leanas: (i) is é an t-uimhreoír suim an chaiteachais a tabhaíodh le haghaidh díchoimisiúnú agus na n-oibríochtaí bainistithe dramhaíola

Cé go bhfuil measúnuithe costais ag éirí níos cruinne de réir a chéile bunaithe ar thaithí, ba cheart tuilleadh feabhsuithe a shaothrú chun cur leis an trédhearcacht agus le slándáil an chistithe. Tá gá le cistiú mór chun an bonneagar bainistithe dramhaíola radaighníomhaí a chur i gcrích, lena n-áirítear saoráidí diúscairthe geolaíocha. Sa tuarascáil is déanaí a d'fhoilsigh an Coimisiún⁽²³⁾, thart ar **EUR 300 billiún** a bhí i meastachán costais foriomlán an Aontais maidir le bainistiú na dramhaíola radaighníomhaí uile, i.e. lena n-áirítear dramhaíl a gineadh ó ghníomhaíochtaí roimhe seo, an dramhaíl uile a bhfuil coinne léi ó ghníomhaíochtaí atá ar siúl faoi láthair agus ó ghníomhaíochtaí amach anseo, agus ó dhíchoimisiúnú gníomhaíochtaí oibríochtúla⁽²⁴⁾.

I gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, is gá iniúchadh a dhéanamh ar il-athchúrsáil bhreise ar bhreosla úsáidte trí bhreosla nua (MOX) a mhonarú le haghaidh imoibreoírí núicléacha.

4 An t-ionchas maidir le fuinneamh núicléach i gcóras leictreachais an Aontais

Ag breathnú siar ar an PINC a foilsíodh roimhe seo in 2017⁽²⁵⁾ ⁽²⁶⁾, socraíodh an cas a raibh coinne leis maidir le fuinneamh núicléach in AE-27 ag thart ar 80 GWe in 2025. Tá an toilleadh atá ann faoi láthair beagán faoi bhun 100 GWe, mar gheall ar líon níos airde suiteálacha atá ann cheana a bheith ag leanúint d'oibríochtaí fadtéarmacha den chuid is mó ná mar a tuaradh tráth an PINC roimhe sin.

Leis an anailís a chuirtear i láthair sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo, cuirtear cas maidir le cur in úsáid ar fáil le haghaidh imoibreoírí núicléacha ar mórscaála lena n-áirítear anailísí íogaireachta, ionchais maidir le Mion-imoibreoírí Modúlacha a leathadh amach mar aon le hanailísí ar bhearnaí lena gcumhdaítear margadh an timthrialla breosla núicléach agus saoráidí, agus an slabhra soláthair tionsclaíoch.

4.1 Toilleadh giniúna cumhachta núicléiche go dtí 2050

Ar bhonn Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFAAnna)⁽²⁷⁾ a tugadh cothrom le dáta agus ar bhonn tionscadail infheistíochta ar tugadh fógra fúthu don Choimisiún faoi Airteagal 41 de Chonradh Euratom, eascraíonn 'bunchás' maidir le glantuilleadh giniúna leictreachais 109 GWe ó imoibreoírí núicléacha mórscaála in 2050 ó na toimhdí seo a leanas: (i) cuirfear síneadh le saolré seirbhíse ar a laghad roinnt de na himoibreoírí atá ann cheana níos faide ná 60 bliain; agus (ii) cuirfear tionscadail tógála nua imoibreoírí atá beartaithe i gcrích in am. Ós rud é go bhfuil síntí saolré faoi réir fíorú go gcomhlíontar caighdeáin maidir le sábháilteacht, coimircí agus slándáil núicléach, tá éiginnteacht ann maidir le hinfhaighteacht na n-imoibreoírí uile den sórt sin in 2050. Tá éiginnteacht ann freisin maidir le foirgnimh nua a chur i gcrích mar a bhí beartaithe (de réir an sceidil agus de réir an bhuiséid a bhí beartaithe).

uile seachas an diúscairt gheolaíoch; agus (ii) is é an t-ainmneoir an fuinneamh leictreach a ghintear le linn shaolré oibríochtúil an ghléasra.

⁽²³⁾ COM(2024) 197 final, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir leis an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2011/70/EURATOM ón gComhairle agus fardal na dramhaíola radaighníomhaí agus an bhreosla spíonta atá i láthair ar chríoch an Chomhphobail agus na hionchais a bheidh ann amach anseo, AN TRIÚ TUARASCÁIL.

⁽²⁴⁾ Suim mheastacháin na mBallstát aonair atá i gceist leis an bhfigiúr seo. Mar sin féin, tá éagsúlacht mhór i meastacháin na mBallstát ó thaobh modheolaíochta, toimhdí, iomláine sonraí, raon feidhme agus amchlár de. D'fhéadfadh sé gur figiúr maidir le luach láithreach iad figiúirí na mBallstát aonair nó d'fhéadfadh sé nach figiúr maidir le luach láithreach iad.


⁽²⁵⁾ COM(2017) 237 final.

⁽²⁶⁾ Ag oiriúnú do Brexit freisin.

⁽²⁷⁾ COM(2025) 274 final.

Rinneadh measúnú ar na héiginnteachtaí sin agus tháinig raon torthaí astu a chuimsíonn an ‘bunchás’ (Fíor 1).


Fíor 1 – ‘Bunchás’ maidir le forbairt toillte agus raon éiginnteachta.



Tá sé beartaithe go gnóthóidh gléasraí cumhachta a bhfuiltear ag cur síneadh lena saolré sciar mór den toilleadh núicléach suiteáilte in 2050 (cf. na barraí gorma éadroma i bhFíor 2). I gcás amháin, d’fhéadfadh an toilleadh suiteáilte titim go dtí níos lú ná 70 GWe faoi 2050. Os a choinne sin, má cuireadh síneadh le saolré seirbhíse na n-imoibreoirí atá ann cheana go 70 nó fiú 80 bliain agus má cuireadh na tionscadail tógála nua uile atá beartaithe i gcrích in am, d’fhéadfaí an toilleadh suiteáilte 144 GWe a bhaint amach in 2050⁽²⁸⁾. Beidh ráta bainte amach na síntí saolré ina phríomhspreagadh taobh thiar de raon leathan torthaí.

(28) In 2023 dheonaigh Rialtas na Fionlainne ceadúnas oibríochta nua do ghléasra cumhachta núicléiche Loviisa go dtí deireadh 2050, tráth a mbeidh níos mó ná 70 bliain oibríochta curtha i gcrích aige. Ní léirítear sna cásanna sin a chuirtear i láthair ach oibríochtaí fadtéarmacha féideartha na ngléasraí cumhachta núicléiche atá oibríochtúil faoi láthair. Ní chuirtear san áireamh iontu go bhféadfaí gléasraí a dúnadh cheana a atosú, rud a d’fhéadfadh tuilleadh toillte a sholáthar dá ndéanfaí é.

Fíor 2 – ‘Bunchás’ maidir le toilleadh giniúna cumhachta ar mórsála san Aontas, 2024 □ 2050. Cuireann OFT oibriocht fhadtéarmach (sintí saolré) in iúl.



Chomh maith le himoibreoirí traidisiúnta mórsála, féadfar an cás a fhorlíonadh le Mion-imoibreoirí Modúlacha. Tá an Chomhghuaillíocht Eorpach Tionsclaíochta um Mion-imoibreoirí Modúlacha ag obair chun plean straitéiseach a leagan amach chun na chéad Mion-imoibreoirí Modúlacha a bhaint amach in oibríocht tráchtála go luath sna 10 mbliana amach romhainn. In 2023, le linn chéim ullmhúcháin na Comhghuaillíochta Eorpaigh Tionsclaíochta um Mion-imoibreoirí Modúlacha, bhí réamh-mheastacháin ar thoilleadh Mion-imoibreoirí Modúlacha idir 17 GWe agus 53 GWe faoi 2050 mar thoradh ar réamh-mheastóireacht a rinne na heagraíochtaí eanála⁽²⁹⁾. Tá réamh-mheastacháin den sórt sin comhsheasmhach le tuarascálacha eile is déanaí⁽³⁰⁾ ⁽³¹⁾.

Agus é ag cur le hobair na Comhghuaillíochta Eorpaí Tionsclaíochta um Mion-imoibreoirí Modúlacha, cuirfidh an Coimisiún straitéis um Mion-imoibreoirí Modúlacha i láthair⁽³²⁾ chun tacú le dlús a chur le himoibreoirí den sórt sin a fhorbairt agus a chur in úsáid san Aontas go luath sna 2030idí.

Teastaíonn infheistíochtaí thart ar **EUR 241 bhiliún i dtéarmaí an luacha láithrigh** ⁽³³⁾ i leith an ‘bhuncháis’, agus EUR 205 bhiliún atá i dtógáil nua imoibreoirí mórsála agus EUR 36 bhiliún atá i sintí saolré. Dá bhrí sin, cé go geinnfear le sintí saolré iarbhír an toilleadh

⁽²⁹⁾ [European SMR pre-Partnership - nucleareurope](#), Tabhair faoi deara go n-áirítear leis an gcás sin cumhacht le haghaidh giniúint leictreachais agus soláthar teasa.

⁽³⁰⁾ *The Path to a New Era for Nuclear Energy*, IEA, 2025, [The Path to a New Era for Nuclear Energy](#). I bhfianaise imoibreoirí mórsála agus mion-imoibreoirí modúlacha le chéile, réamh-mheas IEA go dtiocfadh méadú ar an toilleadh giniúna núicléiche suiteáilte ar fud an domhain ó 416 GWe in 2023 go dtí idir 650 GWe, 870 GWe agus níos mó ná 1000 GWe faoi 2050 i dtrí chás.


⁽³¹⁾ *Pathways to 2050: the role of nuclear in a low-carbon Europe* [Conairí i dtreo 2050: ról an fhuinnimh núicléach in Eoraip ísealcharbóin], Compass Lexecon, 2024, [Pathways to 2050 - nucleareurope](#).

⁽³²⁾ COM(2026)117.

⁽³³⁾ Ríomh an Coimisiún an luach atá ann faoi láthair trí úsáid a bhaint as ráta lascaire 7,5%. Áirítear ar na riachtanais infheistíochta a léirítear tógáil foirgneamh nua agus sintí saolré. Cumhdaítear le Roinn 3.3 riachtanais infheistíochta maidir le díchoimisiúnú agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta ar leithligh.

suiteáilte faoi 2050, níl iontu ach sciar beag de na riachtanais infheistíochta. Ar an taobh eile, is cuid thábhachtach de na riachtanais infheistíochta iomlána é imoibreoirí mórskála nua a thógáil de réir sceidil agus i gcomhréir leis an mbuiséad atá beartaithe. Léirítear sa sampla cainníochtúil seo a leanas go dtiocfadh laghdú beagnach 9 GWe ar an toilleadh suiteáilte in 2050, agus go dtiocfadh méadú níos mó ná EUR 45 billiún⁽³⁴⁾ ar na hinfeistíochtaí is gá, i.e. níos mó a chaitheamh ar thoilleadh laghdaithe (Fíor 3), dá gcuirfí moill 5 bliana ar thionscadail tógála nua. Agus costais bhreise ann mar thoradh ar mhoilleanna, leanann na riachtanais infheistíochta go dtí 2050 de bheith i bhfad os cionn EUR 200 billiún, cé go mbeidh laghdú ar an toilleadh atá ar fáil.

Fíor 3 – Riachtanais infheistíochta le haghaidh acmhainneacht i dtaca le tógáil foirgneamh nua go dtí 2050 le haghaidh cásanna maidir le cur in úsáid tógála nua foirgneamh ar a bhfuil moill.



4.2 Éifeachtaí an chórais fuinnimh

Trí bhonnualach glan iontaofa chomh maith le cumhacht sholúbtha a chur ar fáil, d’fhéadfadh fuinneamh núicléach rannchuidiú le tacú le comhtháthú córas lena gcuirtear solúbthacht agus táimhe ar fáil le haghaidh chobhsaíocht na heangaí. Féadfar costais chaipitil tosaigh arda a bhaineann le fuinneamh núicléach a mhaolú trí choigilteas sistéamach lena n-íslítear riachtanais infheistíochta le haghaidh bonneagar tarchurtha, dáileacháin agus stórála.

Tá méadú le teacht ar na ceanglais solúbthachta ar fud na scálaí ama uile (laethúil, seachtainiúil agus séasúrach). I gcás ina n-úsáidtear é, féadfaidh fuinneamh núicléach tacú go príomha leis na riachtanais solúbthachta sheachtainiúla agus leis na riachtanais solúbthachta mhíosúla atá níos fadtéarmaí (Fíor 4).


Is féidir leis an bhfuinneamh núicléach rannchuidiú le comhtháthú iomlán an chórais ar bhonn intíre agus thar na teorainneacha. Léiríonn sonraí trádála leictreachais gur glan-onnmhaiseoirí iad na Ballstáit a bhfuil fuinneamh núicléach acu (bhí toilleadh núicléach ag 9 as 10 nglan-onnmhaiseoir in 2023) ⁽³⁵⁾.

⁽³⁴⁾ Glactar leis sa sampla cainníochtúil go dtiocfaidh méadú comhréireach ar chostais tógála de réir am tógála.

⁽³⁵⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis, Ranna 2.2.2 agus 2.2.3.

Agus a chostais á gcur san áireamh, is féidir le fuinneamh núicléach rannchuidiú freisin in éineacht le réitigh chostéifeachtúla eile (lena n-áirítear solúbthacht, stóráil, eangacha, agus idirnaisc) chun costais iomlána an chórais a laghdú trí fhoinsí fuinnimh in-athnuaite (amhail fuinneamh gaoithe agus gréine) a chomhlánú le hacmhainneacht dhocht ísealcharbóin a thacaíonn le cobhsaíocht, comhtháthú agus riachtanais stórála na heangai⁽³⁶⁾. Ba cheart é sin a ailíniú chun an costas dícharbónaithe a íoslaghdú i gcomhréir le cuspóirí aeráide an Aontais.

Fíor 4 – Rannchuidiú an fhuinnimh núicléach le riachtanais solúbthachta laethúla, sheachtainiúla agus mhíosúla maidir le toirt fuinnimh san Aontas agus i mBallstáit roghnaithe in 2030.



4.3 Teicneolaíochtaí nuálacha atá ag teacht chun cinn

Tá méadú ag teacht ar an spéis i bhforbairt thionscal na mion-imoibreoírí modúlacha agus na n-ard-imoibreoírí modúlacha chomh maith le micrea-imoibreoírí ar fud an domhain. Cé nach iomaitheoirí imoibreoírí mórscála ar an margadh fuinnimh iad, ceaptar a ndearaí lena gcur in úsáid níos tapúla agus níos éifeachtúla ná imoibreoírí mórscála, ós rud é go mbaineann modúil a tógadh sa mhonarcha tairbhe as éifeachtaí iomaíocha na monaraíochta i sraith. Níl Mion-imoibreoírí Modúlacha ná Ard-imoibreoírí Modúlacha in iomaíocht le himoibreoírí mórscála toisc go bhféadfaidís freastal ar riachtanais fuinnimh éagsúla.

Cé go bhfuil go leor tionscadail gnólachtaí nuathionscanta san Aontas, tá gá le taispeántas le linn chur i gcrích na ngléasraí ceannródaíocha. San Aontas, níl méid an mhargaidh i dtíortha aonair ag teacht leis na méideanna táirgeachta is gá chun geilleagair sraithe a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige comhordaithe ar fud na mBallstát, mar shampla comhar méadaithe i ndáil le ceanglais rialála ag údaráis inniúla náisiúnta. I ndáil leis sin, d’fhógair an Coimisiún seoladh na céime deartha de Thionscadal Tábhachtach nua ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) féideartha maidir le teicneolaíochtaí nuálacha núicléacha. Forbróidh tíortha leasmhara de chuid an Aontais a raon feidhme agus a struchtúr le tacaíocht ó Mhol Tacaíochta Dearaidh nua IPCEI.

Mar gheall ar an lorg talún meartha beag, an laghdú ar úsáid uisce fuaraithe, úsáid chomhcheangailte teasa agus, níos tábhachtaí fós, mar gheall ar na costais tógála laghdaithe a bhfuil coinne leo, d’fhéadfadh na himoibreoírí sin a bheith ina rogha níos tarraingtí

⁽³⁶⁾ IEA (2025), *The Path to a New Era for Nuclear Energy*, IEA, Páras <https://www.iea.org/reports/the-path-to-a-new-era-for-nuclear-energy>, Ceadúnas: CC BY 4.0

d'infheisteoirí príobháideacha. Sampla suntasach is ea na méideanna substainteacha caipitil atá á n-infheistiú ag cuideachtaí ardteicneolaíochta chun fuinneamh íseal-astaíochta iontaofa a sholáthar d'ionaid sonraí agus glacadh méadaithe na hintleachta saorga (níos mó ná 10 % de thomhaltas leictreachais an Aontais a bhí i dtomhaltas na lárionad sonraí ar fud an domhain in 2020).

Thairis sin, d'fhéadfadh Mion-imoibreoírí Modúlacha agus Ard-imoibreoírí Modúlacha a bheith ina gcuid de chórais fuinnimh hibrídeacha amach anseo, a bheadh ina bhfoinse iontaofa teasa do cheantair uirbeacha agus do thionscail shonracha a bhfuil sé deacair srian a chur leo, lena n-áirítear táirgeadh hidrigine ísealcharbóin. Is féidir le Mion-imoibreoírí Modúlacha tacú go héifeachtach le cothromú ualaí na heangaí, mar gheall ar a solúbthacht oibríochtúil a bhíonn níos mó de ghnáth i gcomparáid le himoibreoírí núicléacha mórsála. Mar gheall ar a méid, is féidir imoibreoírí den sórt sin a chur i raon leathan suíomhanna; ar thaobh amháin, d'fhéadfadh an ghné sin cuidiú le húsáid na mbonneagar atá ann cheana a bharrfheabhsú agus comhtháthú foinsí fuinnimh éagsúla agus comhlántacha laistigh de réigiún ar leith a éascú; ar an taobh eile, áfach, tá dúshlán ar leith ann maidir le sábháilteacht, slándáil agus coimiricí nach mór dul i ngleic leo. Ar leibhéal ginearálta, agus suíomhanna á roghnú ag na Ballstáit, ba cheart dóibh scagadh a dhéanamh maidir le rioscaí aeráide chomh maith leis an measúnú riosca ginearálta le haghaidh an bhonneagair atá beartaithe agus ba cheart dóibh a chur san áireamh cé na réimsí atá níos fabhraí chun na rioscaí sainaitheanta a laghdú go leibhéil inghlactha.

Deartar micrea-imoibreoírí le bheith iniompartha, lena n-áirítear a bheith iniompartha tríd an aer. Dá bhrí sin, in ainneoin meánchostas ard leictreachais (a réamh-mheastar thart ar 140 USD/MWh), is díol spéise iad lena n-úsáid i bhfeidhmeanna cosanta, i margáí a bhfuil sé deacair rochtain a fháil orthu, amhail láithreáin mhianadóireachta iargúlta ina bhfuil costais fuinnimh ard, sa tionscal ola agus gáis ar tír agus amach ón gcósta araon, agus san iompar muirí.

4.4 Samhlacha maoiniúcháin

Chun pleananna náisiúnta a thabhairt chun críche, ba cheart do na Ballstáit, a chinn fuinneamh núicléach a úsáid, breithniú a dhéanamh ar infheistíocht luath a dhéanamh agus beartais a fhorbairt chun éiceachóras tionsclaíoch inbhuanaithe le haghaidh an fhuinnimh núicléach a choinneáil ar bun.

Shainaithin an Coimisiún cásanna ina raibh easpa ionstraimí margadhbhunaithe ar ghníomhaithe príobháideacha chun a leithdháileadh riosca inmhianaithe a chur chun feidhme, chomh maith le dúshlán a bhaineann le riosca moille⁽³⁷⁾, i.e. an riosca a mheastar a bheith ann go n-athraíonn na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme tar éis do pháirtithe príobháideacha caipiteal a infheistiú i dtionscadal.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh meascán d'fhoinsí éagsúla maoiniúcháin arna gcomhlánú le hionstraimí dí-rioscaithe a bheith ina fhreagairt, i gcás ina dtugann idirghabháil phoiblí aghaidh ar na dúshlán thuas agus na tairbhí á gcur san áireamh freisin, e.g. an fhéidearthacht cur le comhtháthú córais agus soláthar solúbthachta.

Leis na hionstraimí a leagtar amach i nDearadh athbhreithnithe an Mhargaidh Leictreachais, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit tacú le forbróirí tionscadail trí rioscaí a bhaineann leis an margadh leictreachais agus leis an tógáil a ath-leithdháileadh. D'fhéadfadh maoiniú tionscadal

⁽³⁷⁾ Cinneadh (AE) 2015/658 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2014 maidir leis an mbeart cabhrach SA.34947 (2013/C) (ex 2013/N) a bhfuil sé beartaithe ag an Ríocht Aontaithe a chur chun feidhme chun tacú le gléasra cumhachta núicléiche Hinkley Point C.

a bheith ag brath freisin ar Chomhaontuithe Ceannaigh Cumhachta (CCCanna); sna cásanna sin, féadfaidh na Ballstáit ionstraimí tacaíochta a dhearadh lena ndíreofar ar an táirgeoir sa CCC ar leith. Tá dlínsí eile, e.g. na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe, ag tástáil ionstraimí nuálacha eile chun riosca tógála a bhainistiú a thuilleadh, e.g. tríd an mbunsamhail sócmhainní rialáilte a oiriúnú, rogha a mheas roinnt Ballstát le déanaí freisin.

Tabharfaidh an Coimisiún treoraíocht do na Ballstáit maidir le conas Conarthaí Difríochna a dhearadh le haghaidh tionscail a bhaineann le fuinneamh ⁽³⁸⁾, lena n-áirítear an fhéidearthacht iad a chumas le Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta (CCCanna), i gcomhréir leis na rialacha maidir le státchabhair, mar a léirítear i dtuarascáil Draghi agus mar a fógraíodh sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan. I gcomhréir leis an gcur chuige i nDearadh an Mhargaidh Leictreachais, oibreoidh an Coimisiún i gcomhar le BEI chun CCCanna, lena n-áirítear CCCanna trasteorann, a chur chun cinn ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de.

Agus gnéithe de thacaíocht phoiblí á ndearadh ag na Ballstáit, ba cheart dóibh dreasachtaí a choinneáil ar bun chun iompar éifeachtúil na dtairbhíthe a áirithiú, e.g. tógáil a chur i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad agus acmhainneacht seolta bunaithe ar chomharthaí margaidh.

5 Sa bhreis ar ghiniúint leictreachais

Tá an flít imoibreoirí núicléacha atá ann cheana agus na hinfheistíochtaí nua réamh-mheasta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda araon dírithe den chuid is mó ar an soláthar leictreachais. Mar sin féin, is féidir le teicneolaíochtaí núicléacha foinse teasa ísealcharbóin a sholáthar do theaghlaigh agus d'fheidhmeanna tionsclaíochta éagsúla freisin agus tá ról lárnach acu freisin maidir le raidiseatóip leighis a tháirgeadh.

5.1 Soláthar teasa

Teastaíonn teas ardteochta i leith go leor próisis thionsclaíochta, teas a ghintear de ghnáth trí úsáid a bhaint as breoslaí iontaise. Faoi láthair, thart ar 1 900 TWh atá san éileamh ar theas tionsclaíoch san Aontas, agus tá gá le thart ar 960 TWh ar leibhéal teochta idir 500 °C agus 1 000 °C. I gcomhréir le leictriú réamh-mheasta na n-earnálacha éilimh, feictear i staidéir ⁽³⁹⁾ gur tháinig laghdú 40 % ar an éileamh ar theas ardteochta go dtí thart ar 620 TWh in 2050.


Úsáideadh nó breithníodh teas ó ghléasraí cumhachta núicléiche cheana féin le haghaidh téamh ceantair, thionscal na gceimiceán nó díshalannú uisce. Ina theannta sin, measann forbróirí Mion-imoibreoirí Modúlacha go bhfuil áit ann le haghaidh teicneolaíochtaí den sórt sin sa mhargadh teasa ardteochta, toisc gur féidir leo rannchuidiú le teas a sholáthar go díreach le haghaidh próisis a bhfuil sé deacair srian a chur leo nó trí tháirgeadh hidrigine (Fíor 5).

Tá téamh ceantair a sholáthar ar cheann de na cásanna úsáide féideartha le haghaidh Mion-imoibreoirí Modúlacha. Mar shampla, déanann an tionscadal CityHeat, a roghnaigh an Chomhghuaillíocht Eorpach Tionsclaíochta um Mion-imoibreoirí Modúlacha, iniúchadh ar an gcás úsáide sin.

⁽³⁸⁾ C(2025) 8479 final.

⁽³⁹⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis, Roinn 3.1.2.

Fíor 5 – Cásanna maidir le Mion-imoibreoírí Modúlacha a chur in úsáid ina bhfuil sciарtha de sholáthar teasa/hidrigine.



5.2 Raidiseatóip leighis

Tá ról ríthábhachtach ag imoibreoírí taighde núicléach sa táirgeadh raidiseatóp, atá fíor-riachtanach don chúram sláinte agus d’fheidhmeanna tionsclaíocha éagsúla aron.

San earnáil leighis, tá raidiseatóip fíor-riachtanach chun galair a dhiagnóisiú, amhail ailse, galair chairdiacha, scamhógacha agus néareolaíocha, agus tá siad ag éirí níos tábhachtaí le haghaidh teiripe ailse. Léiríonn réamh-mheastacháin go dtiocfaidh méadú faoi thrí ar an líon othar atá incháilithe le haghaidh teiripí radachógais/radailiogainne san Aontas go dtí 2035⁽⁴⁰⁾. Dá bhrí sin, tá soláthar slán fadtéarmach raidiseatóp leighis san Aontas ríthábhachtach do na saoránaigh uile.

Is ceannaire domhanda é an tAontas sa mhargadh sin, agus cuireann sé níos mó ná 65 % de na seirbhísí ionradaíochta domhanda ar fáil go comhsheasmhach, agus tá seasamh láidir onnmhairiúcháin aige. Mar sin féin, tá leochaileachtaí ann ar cheart gníomhaíocht a dhéanamh mar gheall orthu go tráthúil, amhail spleáchais eachtracha shonracha (e.g. soláthar úráiniam ardmheasúnachta ísealsaibhríthe) agus aosú imoibreoírí taighde an Aontais. Cé go bhfuil dhá imoibreoír taighde á dtógáil chun raidiseatóip le haghaidh úsáid leighis a tháirgeadh agus go bhfuil sé beartaithe go mbeidh siad réidh go luath sna 2030idí, ba cheart nuálaíocht a shaothrú freisin chun modhanna táirgthe a éagsúlú agus cur le hathléimneacht an chórais.

Go dtí seo, tá méideanna móra infheistithe cheana féin ag tíortha eile san iarthar, eadhon na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe, le haghaidh soláthar intíre úráiniam ardmheasúnachta ísealsaibhríthe, thart ar USD 1,2 billiún agus GBP 300 milliún⁽⁴¹⁾. Ba cheart do na Ballstáit teacht suas le hinfeistíochtaí comhchosúla chun bunábhair a áirithiú agus acmhainneachtaí tionsclaíocha nua a fhorbairt.

⁽⁴⁰⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis, Roinn 3.2.1.

⁽⁴¹⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis, Soláthar Bosca úráiniam ardmheasúnachta ísealsaibhríthe.

Faoin bPlean Gníomhaíochta um an gClár Oibre Straitéiseach maidir le Feidhmeanna Leighis, Tionsclaíochta agus Taighde na Teicneolaíochta Núicléiche agus Radaíochta ⁽⁴²⁾, chuir an Coimisiún tús le próiseas chun ‘Tionscnamh Eorpach um Ghleann Radaiseatóp’ a bhunú chun soláthar raidiseatóp leighis san Aontas a áirithiú⁽⁴³⁾.

6 Neamhspleáchas straitéiseach agus éagsúlú

Tá neamhspleáchas straitéiseach an Aontais nasctha le láidreachtaí agus leochaileachtaí an tslabhra soláthair. I bhfianaise pleananna náisiúnta lena n-áirítear fuinneamh núicléach chun an córas fuinnimh a dhíchárbónú agus chun slándáil fuinnimh a choinneáil ar bun, **tá gá le héiceachóras iomaíoch a chothú le haghaidh thionscal núicléach an Aontais.**

6.1 Slabhra soláthair an timthrialla breosla a rialú

Ba cheart slándáil an tsoláthair ó mhian go breosla núicléach a áirithiú i gcónaí mar chuspóir straitéiseach de chuid na mBallstát a bhfuil cláir fuinnimh núicléach acu, lena n-áirítear deireadh a chur leis na spleáchais atá ann faoi láthair agus spleáchas a sheachaint amach anseo. Ba cheart do na Ballstáit uile breithniú a dhéanamh freisin ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le slándáil an tsoláthair raidiseatóp.

Chuir an fogha míleata gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin isteach ar an gcóras soláthair domhanda le haghaidh na bhfoinsí fuinnimh uile. Rinne sé difear do mhargadh an Aontais ar fud shlabhra soláthair iomlán an bhreosla núicléach: tá seirbhísí tiontaithe, saibhrithe agus monaraithe breosla le láimhseáil go straitéiseach go háirithe; is gá aird a thabhairt freisin ar mhianadóireacht úráiniam ar bhonn níos lú.

Tá neamhspleáchas straitéiseach an Aontais leochaileach a mhéid nach leor seirbhísí tiontaithe agus saibhrithe (sa tír dhúchais agus i dtíortha comhpháirtithe atá ar aon intinn) chun soláthairí leordhóthanacha a áirithiú i bhfianaise cásanna réamh-mheasta maidir le leathnú núicléach. Sa ‘bhunchás’, is ar éigean a fhreastalaíonn acmhainneacht soláthair tiontaithe an Aontais ar an éileamh a bhfuil coinne leis go dtí 2050, agus tuarar go mbeidh toilleadh soláthair saibhriúcháin an Aontais leordhóthanach go pointe áirithe ag a mbeidh easpa chinnte i ndáil le húrániam ardmheasúnachta ísealsaibhrithe, a bhfuil gá leis go háirithe le haghaidh Mion-imoibreoírí Modúlacha áirithe.


Tháinig méadú faoi thrí beagnach ar phraghsanna tiontaithe agus saibhrithe úráiniam ó mhí Feabhra 2022 go dtí mí na Nollag 2023. Ní mór cur le hacmhainneachtaí tiontaithe agus toilleadh saibhriúcháin san Aontas chun freastal ar an éileamh agus chun spleáchas ar aon soláthróir aonair nó neamhiontaofa a sheachaint. Cé gur fógraíodh infheistíochtaí i dtuilleadh saibhriúcháin nua ⁽⁴⁴⁾, tá infheistíochtaí in acmhainneachtaí tiontaithe ag titim ar gcúl, féach Fíor 6. Tá gealltanais fhadtéarmacha ag teastáil ó sholáthraithe seirbhíse tiontaithe agus saibhrithe araon chun na hinfeistíochtaí sin a fhrithghealladh.

⁽⁴²⁾ [Plean Gníomhaíochta um an gClár Oibre Straitéiseach maidir le Feidhmeanna Leighis, Tionsclaíochta agus Taighde na Teicneolaíochta Núicléiche agus Radaíochta - an Coimisiún Eorpach.](#)

⁽⁴³⁾ COM(2025) 440 final/2, EUR-Lex - 52025DC0440R(01) - EN - EUR-Lex – Gníomhaíocht 7

⁽⁴⁴⁾ [An Fhrainc: Shínigh BEI agus Orano comhaontú iasachta EUR 400 milliún a bhaineann leis an tionscadal chun síneadh a chur le gléasra saibhrithe úráiniam Georges Besse 2](#), an Banc Eorpach Infheistíochta, an 10 Márta 2025.

Fíor 6 – Éileamh domhanda ar sheirbhísí tiontaithe i gcomparáid le réamh-mheastacháin maidir le hacmhainneacht soláthair. (tU ina UF₆ in aghaidh na bliana).



Is féidir le formhór fhóntais an Aontais breosla núicléach a cheannach ó dhá sholáthróir mhalartacha ar a laghad. Mar eisceacht, b’amhlaidh a bhí an spleáchas ar dheardh aonair agus ar sholáthróir breosla i gcás le dearadh Rúiseach imoibreoirí núicléacha a oibríonn san Aontas (VVER) agus d’éirigh sé ina leochaileacht i leith shlándáil an tsoláthair⁽⁴⁵⁾. Tá gníomhaíocht déanta ag beagnach na hoibreoirí uile de chuid an Aontais lena mbaineann chun an soláthar breosla núicléach a éagsúlú; meastar go mbeidh soláthairtí breosla VVER malartacha ar fáil ina n-iomláine faoi 2027, go dtí go ndéanfar formheas rialála.

Tá laghdú mór tagtha ar mhianadóireacht úráiniam san Aontas le blianta beaga anuas, rud a fhágann go bhfuil spleáchas mór ar allmhairí ó chúig thír chun freastal ar riachtanais fuinnimh núicléach an réigiúin. Tá dúshlán roimh an margadh domhanda úráiniam mar gheall ar an bhfogha míleata gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin, an *coup d’état* sa Nígir, saincheisteanna táirgthe, deacrachtaí iompair, agus éileamh níos láidre, rud a d’imir tionchar ar an réamhaisnéis soláthair agus éilimh lena gcuirtear brú aníos ar phraghsanna úráiniam.

Is gá deireadh a chur de réir a chéile le soláthairtí ó chomhpháirtithe neamhiontaofa chun slándáil eacnamaíoch an Aontais a áirithiú. Is é an réamhriachtanas a bheadh ann a áirithiú go bhféadfadh margai sábháilte agus oscailte acmhainneacht na Rúise a chúiteamh. Tá comhar méadaithe idir an tAontas agus comhpháirtithe idirnáisiúnta iontaofa rithábhachtach sa chomhthéacs sin. Ba cheart don Aontas agus do roinnt tíortha comhordú a dhéanamh chun slabhra soláthair núicléach athléimneach a áirithiú chun na spriocanna a bhaint amach a chuir an Coimisiún i láthair sa Treochlár i dtreo deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis⁽⁴⁶⁾.

6.2 Acmhainneacht shlabhra soláthair na saolré tionsclaíche

Tá saintréith shoiléir intíre ag baint leis an slabhra soláthair fuinnimh núicléach san Aontas agus ba cheart gurbh fhéidir aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh a d’fhéadfadh a bheith ann

⁽⁴⁵⁾ Seachadadh breosla chuig na himoibreoirí sin ar dtús ó TVEL (RU), fochuideachta de chuid Rosatom laistigh de chonarthaí cuachta lena dtairgtear úráiniam agus na seirbhísí gaolmhara uile lena n-áirítear cóimeálacha táirgthe breosla.

⁽⁴⁶⁾ COM(2025) 440 final/2, EUR-Lex - 52025DC0440R(01) - GA - EUR-Lex.

amach anseo mar gheall ar chúrsaí geopholaitiúla, infhaighteacht amhábar, nó athrú aeráide. Tá sé fíor-riachtanach slabhra soláthair láidir, iontaofa agus idirnasctha a choinneáil ar bun chun an t-éileamh tuartha ar thoilleadh núicléach san Aontas a bhaint amach. Le blianta beaga anuas, bhí crapadh agus treochtaí atreoraithe i slabhra soláthair núicléach an Aontais i dtreo cothabhála agus uasghráduithe seachas gníomhaíochtaí tógála nua.

Leis na pleananna atá ann faoi láthair le haghaidh tógáil foirgneamh nua san Aontas, tugtar le fios gur gá don slabhra soláthair cur le toilleadh méadaithe chun na comhpháirteanna uile is gá a tháirgeadh le haghaidh gléasra cumhachta núicléiche. Chun 60 GWe de thoilleadh nua cumhachta núicléiche ar mórsála a bhaint amach faoi 2050, bheadh ar na Ballstáit agus ar an tionscal dul i mbun tionscadail tógála iomadúla an tráth céanna. Tugann sé sin le tuiscint, mar gheall ar thréimhse fhada tógála gléasraí núicléacha ar mórsála, go mbeadh gá le coibhéis thart ar 20 GWe, arb é atá i gceist leis thart ar 15 imoibreoir núicléacha mhóra, a thógáil go comhuaineach sna 25 bliana amach romhainn. Sainaithníodh in anailís an Choimisiúin próisis mhonaraíochta chriticiúla, amhail gaibhniú trom, a theastaíonn idirghabháil láithreach ina leith⁽⁴⁷⁾. Dá ndéanfaí an slabhra soláthair fuinnimh núicléach san Aontas níos athléimní, bheifí in ann teicneolaíochtaí núicléacha agus a dtimthriall breosla gaolmhar a éagsúlú a thuilleadh freisin.

Infhaighteacht lucht saothair agus scileanna

Tá éileamh ard ar oibrithe oilte sna gnéithe uile den éiceachóras núicléach, lena n-áirítear innealtóirí agus eolaithe núicléacha, oibreoirí gléasraí cumhachta, teicneoirí, agus foireann rialála. Scrogaill lucht saothair atá ar tí tarlú, atá níos measa mar gheall ar lucht saothair atá ag dul in aois agus insreabhadh neamhleor gairmithe óga, mar gheall ar tharraingteacht íseal na hearnála agus easnamh ar an oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM), cruthaíonn siad dúshlán éagsúla d'údarais núicléacha agus do thionscal núicléach an Aontais.

Tugadh meastacháin i staidéar⁽⁴⁸⁾ ar riachtanais earnáil núicléach an Aontais ó thaobh post de. Beidh gá le 180 000 – 250 000 gairmí nua a bheith fostaithe go dtí 2050, sa bhreis ar fhostaithe atá ag dul ar scor a ionadú. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le thart ar 100 000-150 000 gairmí chun céim thógála na ngléasraí cumhachta núicléiche nua atá beartaithe a chumhdach. Tá idir 40 000 agus nach mór 65 000 gairmí eile ag teastáil chun na gléasraí cumhachta núicléiche atá beartaithe a oibriú agus a chothabháil. Ar deireadh, d'fhéadfadh sé go beadh gá ag an earnáil díchoimisiúnaithe le 40 000 gairmí eile. Fiú i gcás fás eacnamaíoch nialasach (coibhéiseach leis an 'mbunchás'), bheadh gá fós le thart ar 100 000 duine a earcú chun teacht in ionad oibrithe atá ag dul ar scor. Is gá aird ar leith a thabhairt freisin san earnáil comhleá ar ról ceannasach an Aontais a choinneáil ar bun.

Le freagairt ilsraithe lena ndéantar riachtanais lucht saothair a mhapáil, lena gcuirtear feabhas ar oideachas agus oiliúint, lena gcuirtear feabhas ar chumarsáid, lena gcuirtear dálaí oibre níos fearr ar fáil, agus lena dtacaítear le soghluaisteacht lucht saothair (ó thionscail fhogasacha nó ó thríú tíortha), agus le rochtain ar bhonneagair taighde núicléach, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin.

Mura ndéanfar aon gníomhaíocht, beidh ganntanas scileanna agus lucht saothair san Eoraip san earnáil núicléach, lena n-áirítear ganntanas i gcás comhlachtaí rialála áirithe. D'fhéadfadh an bhearna sin a bheith níos measa fós i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha amhail Mion-

⁽⁴⁷⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis, Roinn 4.3.2.

⁽⁴⁸⁾ Tuarascáil ar éiceachóras núicléach na hEorpa, arna hullmhú ag Deloitte le haghaidh AS ENER, mar ullmhúchán lena fhoilsiú.

imoibreoírí Modúlacha. Is gá an lucht saothair a athsholáthar agus a athnuachan agus scileanna agus taithí a aistriú chuig an gcéad ghlúin eile. Cé nach mór don earnáil núicléach an tionscnamh a ghlacadh chun daoine cumasacha nua a mhealladh, is féidir leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit tacú leis an bpróiseas sin, e.g. trí Acadamh um an Tionscal Glan-nialasachta agus trí ghníomhaíocht Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom a threisiú a thuilleadh chun tacú le measúnú, cothabháil agus forbairt na n-inniúlachtaí straitéiseacha is gá ar leibhéal an Aontais.

Is é is aidhm don tionscadal SKILLS4NUCLEAR⁽⁴⁹⁾, a seoladh in 2025 agus ag a bhfuil cistiú EUR 1,5 milliún ón Aontas, fothú acmhainneachta a neartú maidir le sábháilteacht núicléach, díchoimisiúnú, bainistiú dramhaíola, cosaint ar radaíocht agus feidhmeanna leighis, agus forbairt lucht saothair arna stiúradh ag an tionscal á cothú. Ina theannta sin, bunófar leis an tionscadal fóram Eorpach don lucht saothair núicléach agus scileanna chun clár oiliúna a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn agus chun tionscnaimh athscilithe agus uas-scilithe a fhorbairt d'oibrithe.

Tá ríthábhacht ag baint leis an ngá atá le bonneagar láidir taighde núicléach san Eoraip toisc go dtacaíonn sé le taighde ceannródaíoch, go gcothaíonn sé an nuálaíocht agus go gcuireann sé feabhas ar iarrachtaí comhoibríochta i measc na mBallstát. Áirítear leis sin forbairt agus cothabháil saoráidí turgnamhacha, ardáin combhoinnte sonraí, agus líonraí taighde comhtháite lena gcuirtear ar a gcumas d'eolaithe agus d'innealtóirí staidéir chuimsitheacha a dhéanamh ar shábháilteacht núicléach, coimircí, bainistiú dramhaíola, fuinneamh comhleá núicléach, agus forbairt teicneolaíochtaí imoibreoírí den chéad ghlúin eile. Áirithítear leis freisin go mbeidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta san eolaíocht núicléach agus sa teicneolaíocht núicléach fós, agus go gcoinneofar buntáiste iomaíoch na hEorpa ar bun sa taighde domhanda agus go dtabharfar aghaidh ar dhúshláin fuinnimh agus chomhshaoil amach anseo.

6.3 Comhar straitéiseach idirnáisiúnta

Tá creat caidrimh sheachtraigh Euratom ríthábhachtach chun na caighdeáin sábháilteachta núicléice is airde a chur chun cinn agus chun malartú eolais agus teicneolaíochta a éascú, chomh maith le tacú le slabhra soláthair núicléach iomaíoch an Aontais, trí bhíthin comhpháirtíochtaí réamhbhreathnaitheacha agus comhar trádála agus tráchtála⁽⁵⁰⁾.

Chun uathriaíl straitéiseach an Aontais a neartú, tá sé fíor-riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaontuithe comhair atá ann cheana nó comhaontuithe comhair nua a dhéanamh. D'fhéadfaidís freisin cuidiú le comhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta núicléach a neartú agus teicneolaíochtaí nuálacha atá ag teacht chun cinn a éascú, amháil Mion-imoibreoírí Modúlacha agus fuinneamh comhleá núicléach.

Níos tábhachtaí fós, cuirfidh comhar feabhsaithe idir an tAontas agus comhpháirtithe iontaoifa feabhas ar shlándáil an tsoláthair le haghaidh seirbhísí úráiniam agus timthrialla breosla núicléach agus éascóidh sé rochtain ar mhargaí do shlabhra soláthair an Aontais chun a chumais thionsclaíochta a chothú.

Chun feabhas a chur ar an gcomhar idir an tAontas agus comhpháirtithe iontaoifa, ba cheart do Euratom dul i mbun Comhaontuithe Comhair Núicléach agus Meabhráin Tuisceana nua a athnuachan (e.g. le Ceanada nó leis an gCasacstáin) nó a chaibidliú.

⁽⁴⁹⁾ <https://cordis.europa.eu/project/id/101213280>

⁽⁵⁰⁾ Ina theannta sin, is príomhuirlis í an Ionstraim Eorpach um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach (INSC) chun glacadh na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde maidir le sábháilteacht núicléach ar fud an domhain a neartú.

6.4 Ceannaireacht sa taighde agus san oiliúint

Cuireann taighde poiblí agus príobháideach ar an leibhéal náisiúnta go mór le ceannaireacht an Aontais i dteicneolaíochtaí núicléacha. Rannchuidíonn iarrachtaí taighde leis na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht núicléach agus coimircí núicléacha a áirithiú agus gléasraí cumhachta núicléiche nua á dtógáil nó nuair a chuirtear síneadh le saolré na ngléasraí atá ann cheana. Is é cúram Euratom iarrachtaí na mBallstát a chomhlánú trí bhíthin Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom. Thacaigh Clár 2021-2025 le forbairt eolais fhíor-riachtanaigh⁽⁵¹⁾ do na Ballstáit sin a bhfuil sé beartaithe acu fuinneamh núicléach a úsáid, agus dóibh siúd a dteastaíonn deimhniú uathu go gcomhlíonann gléasraí cumhachta núicléiche i dtíortha comharsanachta na caighdeáin sábháilteachta is airde. Tairbheoidh an pobal freisin den taighde arna chistiú ag Euratom maidir le feidhmeanna eile radaíochta ianúcháin, go háirithe i réimse an leighis. Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún le haghaidh Chlár Euratom 2028-2032⁽⁵²⁾ cistiú méadaithe a chur ar fáil le haghaidh taighde ar theicneolaíochtaí núicléacha sábháilte nuálacha chun go mbeidh an tAontas rathúil athléimneach inbhuanaithe.

7 Ullmhú do thodhchaí ina n-úsáidfear fuinneamh comhleá núicléach

Is é tionscadal suaitheanta ITER an Aontais, atá lonnaithe sa Fhrainc, an turgnamh comhleá is mó ar domhan atá dírithe ar indéantacht eolaíoch agus theicneolaíoch an chomhleá a léiriú. Mar mhórspreagadh le haghaidh nuálaíochta, tugtar le ITER an t-eolas agus an bonn tionsclaíoch atá fíor-riachtanach chun an chéad ghléasra cumhachta comhleá taispeána san Aontas a fhorbairt.

Tá sé an-tábhachtach tuilleadh infheistíochtaí in ITER agus sa chomhleá i gcoitinne a dhaingniú i ngníomhaíocht Eorpach níos leithne atá dírithe ar mháistreacht a fháil ar an gcomhleá ní hamháin mar ábhar taighde ach mar uirlis freisin le haghaidh neamhspleáchas fuinnimh fadtéarmach agus dícharbónú, chomh maith le hiomaíochas tionsclaíoch na hEorpa sa ghearrthearma. Is féidir le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí dlús a chur le tráchtálú fuinnimh comhleá núicléach trí láidreachtaí an dá earnáil a threisiú. Beidh gá le caiteachas leanúnach ar fhorbairt timthrialla breosla le haghaidh teicneolaíochtaí comhleá agus ar na bearnaí teicneolaíochta a dhúnadh i gcomhthráth le creat rialála difreáilte agus comhréireach a shainiú agus a chur chun feidhme, más gá, le haghaidh suiteálacha comhleá.

I gcomhréir le tuarascáil Draghi agus mar a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne, glacfaidh an Coimisiún straitéis chuimsitheach AE um fhuinneamh comhleá, ina ndeimhnítear ITER mar bhunchloch, d'fhonn dlús a chur le forbairt fhadtéarmach fuinnimh comhleá.

Tacaíonn taighde agus forbairt teicneolaíochta a dhéanann an Chomhpháirtíocht Eorpach EUROfusion⁽⁵³⁾, arna comhchistiú ag Euratom, agus Fuinneamh Comhleá (F4E) le forbairtí den sórt sin. Ba cheart dlús a chur le húsáid tráchtála an fhuinnimh comhleá tríd an bpobal mór comhleá a thugtar le chéile sa Sainghrúpa maidir le Comhleá agus san Ardán Eorpach Páirtithe Leasmhara maidir le Comhleá, chomh maith le Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach leis an tionscal a sheoladh, agus le tacaíocht le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta comhleá.

8 Conclúidí

Ós rud é gur roghnaigh roinnt tíortha de chuid an Aontais a bheith spleách ar fhuinneamh núicléach, beidh ról tábhachtach aige fós i gcóras fuinnimh éagsúlaithe an Aontais. Dá bhrí sin,

⁽⁵¹⁾ Féach an mheastóireacht eatramhach, COM(2025)61.

⁽⁵²⁾ COM/2025/594

⁽⁵³⁾ <https://cordis.europa.eu/project/id/101052200>

tá sé fíor-riachtanach comhtháthú sábháilte, éifeachtúil agus inbhuanaithe an fhuinnimh núicléach a áirithiú agus leas a bhaint as na tairbhí uile a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an bhfuinneamh núicléach, lena n-áirítear comhtháthú córas.

Is gá do na tionscadail infheistíochta uile i dtionscal núicléach an Aontais na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht núicléach, cosaint ar radaíocht, bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus coimircí is infheidhme san Aontas a chomhlíonadh. Le tionscadail núicléacha nua ní mór cloí leis na cuspóirí sábháilteachta is airde, cuspóirí lena n-áirithítear go gcomhlíonann dearáí nuálacha imoibreoirí na ceanglais dhiana sin. Ba cheart do na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí réitigh fhadtéarmacha a chur ar fáil chun dramhail radaighníomhach ardleibhéil agus breosla spíonta a bhainistiú.

In 2050 tá coinne le raon leathan torthaí maidir leis an toilleadh suiteáilte iarbhír. Beidh síntí saolré a dhéanfar faoi dhianchoinníollacha sábháilteachta agus gléasraí nua ríthábhachtach chomh maith le cumas an tionscail iad a chur i gcrích in am agus de réir buiséid.

Tá infheistíochtaí substaintiúla intuigthe ar feadh na saolré iomláine núicléiche go dtí 2050. I gcomparáid le PINC a foilsíodh roimhe seo, níor thug an Coimisiún athrú mór faoi deara ar na méideanna infheistíochta atá beartaithe, ach tá pleananna níos soiléire agus níos éagsúlaithe, ag féachaint ar theicneolaíochtaí nuálacha agus ar an éiceachóras tionsclaíoch iomlán. Is gá aird ar leith a thabhairt ar Mhion-imoibreoirí Modúlacha a fhorbairt agus a chur in úsáid iarbhír, chun athléimneacht an tslabhra soláthair a fheabhsú, acmhainneacht leordhóthanach, éagsúlaithe agus cheannasach an Aontais a ráthú maidir le tiontú agus saibhriú, acmhainneacht rialála, taighde, an lucht saothair, agus soláthar slán raidiseatóp leighis a bhaint amach.

Chun go mbeidh rath ar shlabhra soláthair núicléach an Aontais, tá gá le gealltanais fhadtéarmacha chobhsaí, leibhéil chaighdeánaithe níos fearr agus comhar feabhsaithe. Tá sé fíor-riachtanach infheistíocht a dhéanamh in iomaíochas thionscal núicléach an Aontais agus a shlabhra soláthair a neartú, agus é d'uaimhian aige oibriú ar fud an domhain.